2024/2630

9.10.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2630 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Deireadh Fómhair 2024

lena n-aithnítear faoi Airteagal 31(2) agus (4) de Threoir (AE) 2018/2001 go bhfuil sonraí cruinne sa tuarascáil chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le saothrú síl ráibe sa Danmhairg a thomhas

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn ([1]), agus go háirithe Airteagal 31(4) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ceanglaítear le Treoir (AE) 2018/2001 go sábháiltear le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise líon mór astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le breoslaí iontaise ionas gur féidir iad a áireamh mar chuid de na spriocanna a leagtar amach sa Treoir sin. Chun na críche sin, in Airteagal 29(10), leagtar síos tairseacha maidir le laghdú ar astaíochtaí le haghaidh na mbreoslaí sin, agus le hAirteagal 31, rialaítear an bealach a ríomhtar an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó úsáid na mbreoslaí sin. Agus na ríomhanna sin á ndéanamh, is féidir úsáid a bhaint as na luachanna réamhshocraithe a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus VI a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001. In ionad luachanna réamhshocraithe na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a thagann ó shaothrú amhábhar talmhaíochta, is féidir úsáid a bhaint as luachanna tipiciúla faoi roinnt coinníollacha. Na luachanna tipiciúla sin, arb éard atá iontu an meánluach i limistéar sonrach, féadfaidh na Ballstáit nó tríú tíortha iad a thuairisciú don Choimisiún. Ní fhéadfar na luachanna tipiciúla a úsáid ach amháin má aithníonn an Coimisiún go bhfuil siad cruinn.

(2) An 2 Meitheamh 2024 chuir an Danmhairg faoi bhráid an Choimisiúin an tuarascáil chríochnaitheach ina raibh sonraí chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le saothrú síl ráibe a tháirgtear de ghnáth i limistéir ar a críoch a aicmítear mar leibhéal 2 in aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) a thomhas i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). D'iarr an Danmhairg go n-aithneofaí na sonraí mar shonraí cruinne i gcomhréir le hAirteagal 31(4) de Threoir (AE) 2018/2001.

(3) Rinne an Coimisiún measúnú ar an tuarascáil agus chinn sé go bhfuil sonraí cruinne inti chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a thomhas a bhaineann le saothrú síl ráibe a tháirgtear de ghnáth i réigiúin NUTS 2 sa Danmhairg.

(4) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, tá siad i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Inbhuanaitheacht Bithbhreoslaí, Bithleachtanna agus Breoslaí Bithmhaise,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An tuarascáil a chuir an Danmhairg faoi bhráid an Choimisiúin an 2 Meitheamh 2024 chun aitheantas a fháil ina leith, soláthraítear léi sonraí cruinne chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le saothrú síl ráibe a tháirgtear de ghnáth i réigiúin NUTS 2 na Danmhairge a thomhas, de bhun Airteagal 31(4) de Threoir (AE) 2018/2001. Leagtar amach san Iarscríbhinn achoimre ar shonraí na tuarascála.

([1]) IO L 328, 21.12.2018, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj.
([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1059/oj).

Airteagal 2

I gcás ina ndéanfar athrú ar na sonraí sa tuarascáil, mar a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin í chun aitheantas a fháil ina leith an 2 Meitheamh 2024, arb athrú é a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chruinneas na sonraí agus dá bhrí sin, do bhunús an Chinnidh seo, tabharfaidh an Danmhairg fógra don Choimisiúin faoi na hathruithe sin láithreach. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na hathruithe faoina dtugtar fógra chun cinneadh a dhéanamh cé acu a sholáthraítear nó nach soláthraítear sonraí cruinne fós leis an tuarascáil a bhfuil sí aitheanta ina leith.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Scoirfidh sé d'fheidhm a bheith aige an 29 Deireadh Fómhair 2029.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Astaíochtaí gás ceaptha teasa a eascraíonn as saothrú síl ráibe i réigiúin na Danmhairge (g Co2eq/kg d'ábhar tirim síl ráibe).

	N2O an hithreach		Fuíoll bairr	Leabaithe			Breosla lena n-áirítear triomú	Aigéadú leasacháin	Síol	Iomlán
	Díreach	Indíreach		Leasachán	Lotnaidicíd	Aol				
DK1 Réigiún na Príomhchathrach	244,3	28,6	50,5	147,7	2,1	2,4	48,4	45,9	0,5	570,5
DK2 Sjælland	235,0	28,7	48,6	129,5	2,0	2,3	48,5	44,2	0,5	539,4
DK3 an Danmhairg Theas	248,8	37,5	44,1	98,2	2,1	2,4	53,2	46,8	0,5	533,6
DK4 an Iútlainn Láir	243,7	35,2	45,4	103,5	2,0	2,4	52,1	45,8	0,5	530,6
DK5 an Iútlainn Thuaidh	271,0	39,8	45,6	96,6	2,1	2,5	56,1	51,0	0,5	565,2